# Matamaitic

## Céim 1 (Naíonáin Shóisearacha is Shinsearacha)

## Aonad Oibre Samplach 3

Snáithe: Sonraí agus Seans/ Cruth agus Spás



An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta
Oide

# Matamaitic


Is féidir roinnt earraí a shórtáil ar dhóigh amháin*

Is féidir liom earraí a chatagóiriú i dtacair éagsúla

**Coincheap:** Réada agus tacair a réiteach de réir aitreabúid amháin nó níos mó.

Cruthanna

**Coincheap:** Is féidir cruthanna 2-T a rangú agus a shórtáil de réir a gcosúlachta agus de réir airíonna simplí.




An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

Oide

# Gaeilge


**Is féidir liom cruthanna éagsúla a chatagóiriú.**

**Is féidir liom cruthanna a ainmniú.**










An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

Oide

# Réamh-mhúineadh na Teanga

Is biachlár é seo. Pioc na gníomhaíochtaí a oireann do Eireann chomhthéacs ranga féin.

**Tréimhse Luathchumarsáide (1):** Dul Siar ar na gníomhaíochtaí a bhain le réamh-mhúineadh na ndathanna ó Aonad Oibre Samplach 1 agus 2 agus an teanga a bhaineann le sórtáil.

**Tréimhse Luathchumarsáide (2):** Na hUimhreacha (Rogha idir 3 dán a bhaineann le huimhreacha)

**Tréimhse Luathchumarsáide (3):** Na Cruthanna (Tá ábhar anseo chun ciorcal, cearnóg, is triantán a mhúineadh. Cuirfear dronuilleog leis an tseachtain seo chugainn mar fhorbairt roghnach).

**Tréimhse Luathchumarsáide (4):** Cluiche Kim le Cruthanna Móra Páipéir

**Gaeilge Laethúil:**

Méadaigh cé chomh minic is a chloiseann na páistí frásaí mar 'mar an gcéanna', 'le chéile', 'teánn siad le chéile', 'chuir mé le chéile iad', 'grúpa', 'dathanna'. 'Cad a rinne tú?' (mar shampla má dhéanann páiste pictiúr: 'Cad a rinne tú?' Ag glanadh suas: An-mhaith! Chuir tú na siosúir le chéile'.

# Dán: Lucha Beaga Buí

<u>Múineadh na nUimhreacha</u>

**A haon, a dó, a trí**
**Lucha beaga buí**
**Ag ithe píosa**
**cáise**
**I ngan fhios d'fhear an tí**

**Cat mór liath**
**Tháinig sé isteach**
**Cad a dhein na lucha**
**Rith siad amach**






Cé mhéad luch atá ann?
A haon, a Dó, a trí. Tá trí luch ann!
Bígí ag comhaireamh liom! A haon, a dó, a trí!

Rithigí amach ar nós na luchóga!

Is féidir leis na páistí geáitsí a chur leis an dán i ngrúpaí de cheathrar. Páiste amháin mar chat agus an triúr eile ina luchóga ag ligint orthu go bhfuil cáis á ithe acu. Is féidir é a chleachtadh le grúpa amháin ar dtús agus ansin is féidir leis na páistí ar fad é a dhéanamh i ngrúpaí.


# Dán: Lucha Beaga Buí

A haon, a do, a trí (1,2,3)



Lucha beaga buí
Ag ithe píosa cáise
I ngan fhios d'fhear an tí





Cat mór liath
Tháinig sé isteach
Cad a dhein na lucha
Rith siad amach






# Dán: Aon, dó, trí...



Aon, dó, trí,
ceathair, cúig, sé,
Císte deas i
gcomhair an tae,
Uachtar reoite,
banana buí,
Lollipop is oráistí.













Cliceáil anseo chun féachaint ar fhíseán ó Ghaeloideachais.

# Dán: A hAon, a dó, muc is bó


A haon, a dó, muc is bó,
A trí, a ceathair, bróga leathair,
A cúig, a sé, cupán tae,
A seacht, a hocht, seanbhean bhocht,
A naoi, a deich, císte te.



1 2



+




3
4

5 6




7 8



9 10




# Na Cruthanna




Seo í Karen,
Is cearnóg í,
Ceithre thaobh atá aici,
Aon, dó, trí, ceathair!

# Na Cruthanna



Seo é Tristan,
Is triantán é,
Tá trí thaobh aige,
Hip age huré,
Aon, Dó, Trí!

# Na Cruthanna




Seo é Ré,
Is ciorcal é,
Timpeall is timpeall,
Ní stopann sé!


Aon, Dó, Trí, Ceathair,
Tá cearnóg mhór ag m'athair

Aon, Dó, Trí, Aon, Dó, Trí,
Tá triantán beag ag mo mhamaí.

Ciorcal, ciorcal, le taobh amháin,
Tá ciorcal buí ag mo chara Seán.









# Cluiche Kim le Cruthanna Móra Páipéir

Má thaispeántar cruthanna ar an gclár bán uaireanta bíonn cuma dronuilleoige ar chearnóg srl.

Mar sin, moltar 6 chruth a ghearradh amach ar pháipéar de dhathanna éagsúla (cearnóg mhór agus bheag, triantán mór agus beag agus ciorcal mór agus beag) agus a ghreamú leis an gclár bán le maighnéad. Imir Cluiche Kim leo agus tú ag baint íomhá ón gclár bán de réir a chéile.

Iarr ar na páistí abairt a thabhairt duit. Mar shampla 'Níl triantán beag ann' nó 'Níl ciorcal mór ann'. Is féidir cur leis an gcomhrá 'An bhfuil triantán mór ann?' Tá. Seo triantán mór. Tá triantán mór ann. 'An bhfuil cearnóg bheag ann?' Úsáid puipéad ag tús an chluiche go dtí go dtuigeann na páistí an teanga atá ag teastáil.





# Príomhghníomhaíochtaí Matamaitice
# Aonad Oibre Samplach 3



**Príomhghníomhaíocht Matamaitice (Cuid 1)**

1. Cluiche Comhairimh
2. Mála Méaraíochta (1): Tóg an cruth amach!
3. Mála Méaraíochta (2): Cad atá sa mhála?
4. Pictiúr a dhéanamh de roicéad le cruthanna 2-T.

**Príomhghníomhaíocht Mhatamaitice (Cuid 2)**

1. Dul siar ar an gcluiche comhairimh agus ar na gníomhaíochtaí leis an Mála Méaraíochta
2. Cruthanna a shórtáil (Saorshórtáil)

**Príomhghníomhaíocht Mhatamaitice (Cuid 3)**

1. Dul siar ar an gcluiche comhairimh agus ar na gníomhaíochtaí leis an Mála Méaraíochta
2. Cruthanna a shórtáil ag baint úsáid as léaráidí éagsúla (Féach na léaráidí ar Shleamhnán 29)

# Príomhghníomhaíocht Mhatamaitice (Cuid 1)

Moladh: Tosaigh gach ceacht mata le comhaireamh. Téigh siar ar an dán a roghnaigh tú chun tacú leis na páistí na bunuimhreacha a rá.

N.B. Ní bheidh na páistí ag comhaireamh na taobhanna an choicís seo - "aon taobh, dhá thaobh, trí thaobh, ceithre thaobh". Beidh siad ag rá 'a haon, a dó, a trí, a ceathair' faoin dtráth seo.

**Cluiche Comhairimh: Ciúbanna sa channa**

Caithfidh an múinteoir ciúbanna síos i gcanna. Comhairfidh na foghlaimeoirí go ciúin ina n-intinn agus inseoidh siad don mhúinteoir an líon iomlán ciúbanna sa channa. Chun an tasc a leathnú: tógfaidh an múinteoir amach roinnt ciúbanna agus cuirfidh sí/sé cinn eile isteach i ndiaidh do na leanaí iad a chomhaireamh.

Tá tuilleadh smaointe faoi chluichí comhairimh ar fáil ar Mol Churaclam Mata na Bunscoile Oide: https://pmc-oide.s3.eu-west-1.amazonaws.com/wp-content/uploads/2024/06/24105712/Comhaireamh-Ceim-1-agus-2.pdf



# Príomhghníomhaíocht Mhatamaitice (Cuid 1)
# Mála Méaraíochta (1): Tóg an cruth amach!

Sa chéad phíosa den chluiche seo beidh an mála ag páiste agus iarrfar orthu cruth áirithe a thógáil amach as."Tóg amach 'cearnóg mhór' 'triantán beag' nó 'ciorcal mór' is araile".

Cuirfidh an páiste a lámh isteach sa mhála agus tógfaidh siad amach an cruth ceart.

Ansin agus an cruth ina lámh ag an bpáiste, cuirfear ceist ar pháistí eile. 'Cad é sin'? Agus déarfaidh siad 'cearnóg mhór' nó 'Is cearnóg mhór í' ag brath ar an bpáiste.

Síneadh- tabhair mála do gach bheirt/ghrúpa agus beidh ar pháiste amháin cruth a rá agus beidh ar pháiste eile an cruth a thógáil amach as an mála. Ansin déarfaidh gach duine ainm an chrutha le chéile.



# Príomhghníomhaíocht Mhatamaitice (Cuid 1)
# Mála Méaraíochta (2): Cad atá sa mhála?

Beidh na páistí ag déanamh buille faoi thuairim faoi cén cruth atá sa mhála. Cuir cruth amháin sa mhála (triantán, ciorcal nó cearnóg). D'fhéadfadh sé a bheith beag nó mór. D'fhéadfá na páistí a chur ag déanamh buille thuairim faoi cén dath atá ar an gcruth freisin.

Ba chóir don mhúinteoir múnlóireacht a dhéanamh ar dtús: Hhhmmm, cén cruth atá agam anseo. Tá trí thaobh aige. A haon, a dó, a trí. Tá sé beag. Agus hhhmmmm n'fheadar cén dath atá air? Dearg b'fhéidir? Nó b'fhéidir go bhfuil sé glas? Hhhhmmmm, 'Is triantán mór glas é'. [Tóg amach é]. Á bhí mé beagnach ceart! An triantán é? Is triantán é. An triantán mór é? Is triantán mór é. An bhfuil sé glas? Níl. Is triantán gorm é! Is triantán mór gorm é!



Is féidir an cluiche seo a dheánamh leis an rang iomlán ar dtús, ansin le páistí os comhair an ranga agus ansin i ngrúpaí beaga.

# Pictiúr de Roicéad le Cruthanna.



An féidir leat roicéad a dhéanamh leis na cruthanna? Is féidir leat tarraingt nó fíorchruthanna a úsáid chun roicéad a dhéanamh. Cad iad na cruthanna a d'úsáid tú?

# Príomhghníomhaíocht Mhatamaitice (Cuid 2)

**Cruthanna a shórtáil (Saorshórtáil)**


Tabhair bailiúcháin de cruthanna (cearnóga, ciorcail agus triantáin) do na páistí .
D’fhéadfá bloic phatrúin nó bloic thréithe is araile a úsáid.
Tá roinnt samplaí ar shleamhnán 24 go 27 .

Lig do na páistí iad a shórtáil. Is é claonadh nádúrtha an pháiste ná a bheith ag súgradh leis an mbailiúchán atá acu. Níor chóir seo a dhéanamh faoi dheifir moltar deis a thabhairt do na páistí na bailiúcháin atá acu a láimhseáil agus a smaointe féin a thriail le dul i dtaithí ar rudaí.

Bí ag caint leo agus á gceistiú maidir le cad atá á dhéanamh acu. Dírigh aird na bpáistí ar obair pháistí ar leith (D’fhéadfá visualiser (amharcléiritheoir) a úsáid). Nó d’fhéadfá ‘siúlóid dánlainne’ a dhéanamh ag siúl ó bhord go bord leis na páistí agus ag féachaint ar obair a chéile. Bígí ag caint faoi cad a rinne na páistí éagsúla. Seans go ndéarfaidh na páistí leat cad a rinne siad as Béarla- agus is féidir leis an múinteoir é a athrá as Gaeilge. Mar shampla-‘these ones are red’. ‘An-mhaith’ ‘Seo na cruthanna dearga, seo tacar de cruthanna dearga’. ‘I put the triantáin together’. Ar fheabhas, chuir tú na triantáin ar fad le chéile. Is triantáin iad go léir!




Bí ag caint leis na páistí mar gheall ar a bhfuil idir lámha acu leis an mbailiúchán atá acu. Ag obair leis an rang ina iomláine labhair leo faoi shortáil agus léirigh conas a théann rudaí cosúla le chéile. D'fhéadfadh sin a bheith déanta ag roinnt páistí cheana agus má tá, b'fhiú tógáil ar an obair atá déanta ag na páistí sin. Bí ag labhairt faoi na cóiriúcháin dhifriúla agus luaigh an focal 'tacar' agus fiafraigh de na páistí cad is 'tacar' ann. Spreag iad le rá leat gur bailiúchán de rudaí a théann le chéile mar go bhfuil siad cosúil le chéile ar shlí áirithe atá ann.



Cad a rinne tú?

Triantáin- buí - le chéile.
Triantáin -dearg - le chéile.


An-mhaith. Chuir tú na triantáin bhuí le chéile is chuir tú na triantáin dhearga le chéile. Is triantáin bhuí iad seo agus is triantáin dhearga iad seo.








An-mhaith, chuir tú na cearnóga le chéile. Rinne tú tacair de chearnoga. Agus anseo, chuir tú na ciorcail le chéile. Rinne tú tacair de chiorcail anseo.









Spreag na páistí le bheith ag labhairt faoi na cóiriúcháin atá acu. De réir mar a thosaíonn siad ag roinnt eolais faoi na cóiriúcháin, tapaigh an deis chun na rudaí atá coiteann mar gheall ar an tacar a dhaingniú , agus spreag iad le cur síos sonrach a dhéanamh ar na tacair m.sh 'Is triantáin iad ar fad', ' Is cruthanna dearga iad go léir', 'Is ciorcail iad ar fad'.




# Príomhghníomhaíocht Mhatamaitice (Cuid 3)
# Ag úsáid léaráidí éagsúla don tsórtáil





Léaráid Venn






Léaráid Chrainn





Léaráid Carroll





Mínithe i bhfíseán as Béarla ar fáil anseo faoi Sorting.

# Iarghníomhaíochtaí Samplacha

- **Mol Mata:** Úsáid an Mol Mata (Sleamhnán 31) le dul siar a dhéanamh ar an teanga agus tuiscint na bpáistí ar na hairíonna éagsúla a dhaingniú. Ceistigh na páistí faoi bhealaí éagsúla leis na cruthanna a shórtáil.

- **Dul Siar ar na Cruthanna:** dánta/méid na dtaobhanna/Cluiche Kim

- **Bileog Oibre deartha ag an múinteoir:** Tá sampla de bhileog oibre ar fáil ar Shleamhnán 32. D'fhéadfaí bileoga oibre roghnacha ó Mhata go Deo (lch 47 - 49) a úsáid chomh maith (https://www.forasnagaeilge.ie/angum/wp-content/uploads/sites/5/2021/02/ffc22d3344608f80d34b9d4210f1ccb3.pdf).

- **Dúshlán Breise:** An raibh teanga eile in úsáid ag na páistí? Airíonna éagsúla? Bí ag labhairt leis na páistí faoin teanga seo. (réalta/ dronuilleog/ leathchiorcal/ tiubh /tanaí-le bloic thréithe)


- **Cartún faoi Chruthanna:** Tá cartún álainn bunaithe ar chruthanna ar fáil ag an nasc seo: BB agus Bella Eipeasóid 3 Cruthanna: https://youtu.be/-0nTbad3Maw?feature=shared

- **Amhrán faoi Chruthanna:** Tá amhrán agus damhsa álainn bainteach leis na cruthanna déanta ag Cúla4 ar fáil anseo: https://www.youtube.com/watch?v=TBqpxZujfcw

- Má dhéantar 'Have you got Maths Eyes' sa scoil (féach sna samplaí ar Shleamhnán 33 agus 34) an féidir leat pictiúr Maths Eyes as Gaeilge a chur le chéile leis an rang bunaithe ar chruthanna?


# Mol Mata

Mol Mata




Áis Mhata maoinithe ag Cogg. Téigh go Uirlis Sórtála>
https://ccea.org.uk/mol-mata/laimhseoga/uirlis-sortala/

# Dathaigh na triantáin




An bhfuil aon chruth sa phictiúr seo?
ITT
maths eyes
Competition Winner 2017
Maths Week



Is féidir aon rud a tharraingt le cruthanna!

# Nasc

Nascadh: Cén téama atá á dhéanamh ag na páistí sa Ghaeilge. An féidir leo tacair a dhéanamh le torthaí, éadaí, ainmhithe srl? An féidir na cruthanna nó na huimhreacha a úsáid sa chorpoideachas, san ealaín nó mar ainmneacha grúpaí?


# Forbairt

Forbairt: éist leis na páistí agus iad ag sórtáil. An bhfuil nithe á sórtáil acu de réir airíonna eile (cruth, tiús, eile srl)? Breac nóta den teanga a chloiseann tú agus pleanáil chun an teanga sin a chomhtháthú sna ceachtanna Gaeilge amach anseo. Is féidir na gníomhaíochtaí sórtála seo a dhéanamh le linn súgartha cúpla uair sa choicís, chun seans a thabhairt do na páistí an teanga a shealbhú.

# Nodanna Gramadaí don Mhúinteoir.

Cé nach mbíonn an ghramadaach seo á múineadh go follasach do na páistí, moltar teanga chruinn shaibhir a úsáid agus muid ag athmhúnlú agus ag caint leis na páistí. Seo cúpla nod a chabhróidh libh agus na cruthanna á bplé agaibh:

**An Aidiacht tar éis ainmfhocal san uatha.**





an chearnóg mhór/bheag/dhearg/ghlas/ghorm/bhuí

an triantán mór/beag/dearg/glas/gorm/buí

an ciorcal mór/beag/dearg/glas/gorm/buí

**An Aidiacht tar éis Ainmfhocal san Iolra**

Má tá ainmfhocal san uimhir iolra bíonn an aidiacht san uimhir iolra freisin.
Má chríochnaíonn an t-ainmfhocal le consan caol (mar shampla: triantáin, ciorcail) cuirtear séimhiú ar an aidiacht.



**Nod don mhúinteoir**

**Is triantáin dhearga iad.**

**Is cearnóga buí iad**


**Grupa.**

**Is ciorcail ghorma iad.**

# Nodanna Gramadaí don Mhúinteoir.

Cé nach mbíonn an ghramadach seo á múineadh go follasach do na páistí moltar teanga chruinn shaibhir a úsáid agus muid ag athmhúnlú agus ag caint leis na páistí. Seo cúpla nod a chabhróidh libh agus na cruthanna á bplé agaibh:


## Inscne na gCruthanna




an chearnóg (baininscneach)*




an triantán (firinscneach)**






an ciorcal (firinscneach)

*Is gnách go mbíonn focail ilshiollacha a chríochnaíonn ar 'óg' baininscneach. Mar sin is focail bhaininscneacha 'dronuilleog', 'dallóg' agus 'seamróg' chomh maith.*

**Is gnách go mbíonn focail ilshiollacha a chríochnaíonn ar 'án' bfirinscneach. Mar sin is focail fhirinscneacha 'peinteagán', 'crián', portán' chomh maith.**

# Acmhainní Breise




[Open Ended Maths Activities- Shape and Space (Englishj)]

https://pmc-oide.s3.eu-west-1.amazonaws.com/wp-content/uploads/2024/11/21113936/Tascanna-Oscailte-Cruth-agus-Spas-1.pdf